



Uimhir 42 de 1997

An tAcht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú), 1997
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 42 de 1997

**AN tACHT UM BINSÍ FIOSRÚCHÁIN (FIANAISE)
(LEASÚ), 1997**

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míithe.
2. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar alt 6 den Acht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú), 1979.
4. An Ard-Chúirt d'fhorfheidhmiú orduithe ó bhinsí.
5. Gearrtheideal agus comhlua.



Uimhir 42 de 1997

**AN tACHT UM BINSÍ FIOSRÚCHÁIN (FIANAISE)
(LEASÚ), 1997**

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ NA nACHTANNA UM BINSÍ FIOSRÚCHÁIN
(FIANAISE), 1921 AGUS 1979. [18 Nollaig, 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “an Príomh-Acht” an *Tribunals of Inquiry (Evidence) Act*, 1921;

ciallaíonn “binse” binse a gcuirtear an Príomh-Acht chun feidhme ina leith faoi alt 1 den Acht sin.

2.—Leasaítear leis seo alt 1 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3): Leasú ar alt 1 den Príomh-Acht.

“(4) A person who produces or sends a document to any such tribunal pursuant to an order of that tribunal shall be entitled to the same immunities and privileges as if he or she were a witness before the High Court.”.

3.—(1) Leasaítear leis seo alt 6 den Acht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú), 1979 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1): Leasú ar alt 6 den Acht um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) (Leasú), 1979.

“(1) Más é tuairim binse nó, má tá níos mó ná comhalta amháin ar an mbinse, más é tuairim chathaoirleach an bhinse, go bhfuil leorchúiseanna ann, ag féachaint do chinntí an bhinse agus do gach ní ábhartha eile (lena n-áirítear téarmaí an rúin arna rith ag gach Teach den Oireachtas maidir le bunú an bhinse nó mainneachtain comhoibriú leis an mbinse nó cúnaimh a thabhairt dó, nó faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a thabhairt go feasach don bhinse), le gur cothromasach sin a dhéanamh, féadfaidh an binse nó an cathaoirleach, de réir mar a bheidh, ar fhorriarratas ón mbinse nó ón gcathaoirleach féin, de réir mar a bheidh, nó ar iarratas ó aon duine a láithrigh os comhair an bhinse, a ordú—

(a) go ndéanfaidh aon duine a bheidh ainmnithe san ordú na costais go léir nó cuid de na costais a bhí ar aon duine eile a láithrigh os comhair an bhinse trí abhcóide nó atur nae, arna bhfómhas ag Máistir Fómhais na hArd-Chúirte, a íoc leis an duine eile sin;

(b) go ndéanfaidh aon duine eile a bheidh ainmnithe san ordú na costais go léir nó cuid de na costais a thabhaigh an binse, arna bhfómhas mar a dúradh, a íoc leis an Aire Airgeadais.”.

(2) Ní bheidh feidhm ag an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* den alt seo maidir le caiteachais a tabhaíodh roimh an Acht seo a rith.

An Ard-Chúirt
d’fhorfheidhmiú
orduithe ó bhinsí.

4.—I gcás go mainneoidh nó go ndiúltóidh duine ordú ó bhinse a chomhlíonadh nó i gcás nach ndéanfaidh duine de réir ordú ó bhinse, féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas chuige sin a bheith déanta chuici ag an mbinse ar shlí achomair, a ordú don duine an t-ordú a chomhlíonadh agus cibé ordú eile a dhéanamh a mheasfaidh sí is gá agus is cóir chun go mbeidh lánéifeacht leis an ordú.

Gearrtheideal agus
comhlua.


5.—(1) Féadfar an tAcht um Binsí Fiosrúcháin (*Fianaise*) (*Leasú*), 1997 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (*Fianaise*), 1921 go 1997 a ghairm de na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (*Fianaise*), 1921 agus 1979 agus den Acht seo le chéile.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€0.76



9 781399 307901